

# MRB1: Punann Chumadóireachta

## Comhairle don scoláire

.....Treoirlínte do na Measúnuite Rangbhunaithe, lgh.13-14

Déanfaidh do mhúinteoir monatóireacht ar an obair don mheasúnú seo agus tabharfaidh sé tacaíocht duit ina leith. Is féidir leat **dhá phíosa ar bith** a roghnú ó na píosaí a chruthaigh, a chum, a d'oiriúnaigh nó a shamhail tú. Nuair a roghnaíonn tú an dá phíosa, ba chóir na cúiseanna ar roghnaigh tú an péire sin thar aon cheann eile a mheas.

Agus tú ag cuimhneamh ar na píosaí a roghnóidh tú, d'fhéadfá a fhiafraí díot féin:

- ε Cén dá phíosa is mó a bhfuilim bródúil astu?
- ε Cé na píosaí a léiríonn an dul chun cinn is fearr ó na coincheapa nó smaointe luatha go dtí an cur i gcrích?
- ε An léiríonn na píosaí a roghnaigh mé seánraí/stíleanna/meáin éagsúla?

Féadfaidh tú oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe le scoláire amháin eile nó le grúpa. Tabhair faoi deara, mar sin féin, gurb é an ról a bhí agat féin agus an obair a rinne tú féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú i gcomhair Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Caithfidh na píosaí a chuireann tú isteach fianaise a léiriú ar na roghanna ceoil a rinne tú chun teacht ar do chinntí faoin gcaoi le do chuid smaointe ceoil a chur i láthair.

D'fhéadfaí a áireamh leis na roghanna sin:

- ε Cén uirlis/cé na huirlisí a roghnóidh mé?
- ε Cén stíl a roghnóidh mé?
- ε An gcumfar é seo do ghrúpa nó d'aonréadaí?
- ε Cé na héifeachtaí próiseála nó taifeadta a d'fhéadfaí a chur leis an gceol?
- ε Cén lucht éisteachta a bheidh ag an saothar seo?
- ε Céard a thabharfaidh mé ar an bpíosa ceoil seo?

Caithfidh tú **Nóta Machnaimh a scríobh don dá phíosa**. Áireofar sa nóta sin an teideal nó an téama, nóta gairid faoin gcaoi ar chuimhnigh tú ar an smaoineamh agus machnamh ar an méid a d'fhoghlaim tú ón bpíosa ceoil seo a chruthú.

Seans go mbeadh sé níos éasca machnamh a dhéanamh ar gach píosa, agus na nótaí a scríobh, díreach i ndiaidh duit iad a chruthú, seachas fanacht go dtí go bhfuil tú ag roghnú do phíosaí le cur isteach don Mheasúnú Rangbhunaithe.



Join our mailing list on  
[www.jct.ie](http://www.jct.ie)



Contact us at  
[info@jct.ie](mailto:info@jct.ie)



Follow us on  
[@JctMusicEdu](https://twitter.com/JctMusicEdu)